## Baltinglass

CONTACTT: Janet Gorman
TEL: 087 6252700
Email: janetmarygorman@gmail.com

**WORKSHOPS**
In the coming months if there is enough interest, it is hoped to have two workshops in Rathdangan. The first is a pottery workshop and the second is a workshop on how to make nourishing healthy snacks that both adults and kids will love. If you have an interest in either of these workshops or in the following ongoing activities in Rathdangan - quilting classes, boxercise, walking group, toddlers group, yoga - contact Tess on 087 6173879 for more information.

**LAST CHANCE**
Tickets are selling fast for this year's drama in Rathdangan. The show is a comedy called *Mother knows best* by Jim Keary. It will run for 6 nights starting on 20-21 February and 27 and 28; then will have its last showing on 6-7 March. Get tickets from any committee member, the Village Pantry, Juniors or you can call the following numbers between 6pm and 9pm: Tess 087 6173879 or Trish 059 6473151.

## Castledermot



KAY BYRNE
t 059 91 44491
e kaybyrnemail@gmail.com

**MESSENGER OF THE SACRED HEART**
Anyone interested in ordering the magazine from March 2015 to March 2016 can do so now by contacting Sr Pauline on 059 9144152.

**FORGET DIETS**
Get the facts about foods that work for you and work against you. The links between diets and illness. What happens your food once consumed? Presentation in Teach Diarmada centre on Thursday 19 February from 7-8.30pm. Cost €15. Seats limited. Please call and confirm attendance. For more information, contact: Jess Day on 087 9769751; email: jessday@inbox.com.

**SOCIAL DANCE LESSONS**
Starting in Levitstown hall on Friday 20 February from 8 to 9.30pm for beginners to advance. Lessons in waltzing, quickstep, foxtrot, jive, Latin and old time. For more information, contact Mary on 086 8153033; email: danceland@live.ie; web:danceland2020simplesite.com.

**LEVITSTOWN TEA PARTY**
Will take place on Sunday 22 February in Levitstown hall from 3-5pm. Local musicians. All welcome. Contact Linda Brennan on 085 7195667.

**RATHVILLY GARDEN AND FLOWER CLUB**
Rathvilly Garden and Flower Club will meet on Wednesday 25 February at 8pm in St Patrick's Sports and Community Centre, Rathvilly. It will be a gardening night with Geoff Stebbings giving a talk on Growing for flowers. All are welcome. Admission €5.

**LEVITSTOWN LADIES GROUP**
Levitstown ladies continue to meet each Monday at 8pm in Levitstown hall. New members welcome.

# Glór Cheatharlach

## Coláiste Samhraidh do dhéagóirí i gCeatharlach

Tá an-áthas ar Glór Cheatharlach a fhógairt go n-eagrófar Coláiste Samhraidh do dhéagóirí i gCeatharlach arís an samhradh seo. Cuirfear tús leis an gcoláiste samhraidh ar 29ú Meitheamh agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí an 10ú Iúil. Cuirfear clár na n-imeachtaí ar siúl ó 9.30r.n. go 1.00 i.n. gach lá Luan go hAoine ar feadh coicíse. Mar is gnáthach beidh an cúrsa lonnaithe i nGaelcholáiste Cheatharlach. Tá clárú oscailte anois agus clúdaíonn an táille €200 costaisí uile an chúrsa.
Beidh an Coláiste Samhraidh dírithe ar mhicléinn atá ag iarraidh feabhas a chur ar a gcumas labhartha agus scríofa sa Ghaeilge. Cuirfear fáilte roimh dhaltaí ó rang a sé go leibhéal na hardteistiméireachta. Beidh ranganna agus imeachtaí an chúrsa in oiriúint do dhaltaí i rang a sé agus do mhic léinn i mbliain 1 agus 2 i ngrúpa na sóisear. Beidh na daltaí níos sine i ngrúpa na sinsear. Chomh maith leis na ranganna foirmiúil gach lá beidh cluichí cainte, díospóireachtaí, amhránaíocht, cluichí, spórt agus damhsa ar an gclár. Cuirfear ranganna Gaeilge le meascán maith de chomhrá agus gramadach, plé agus díospóireacht in oiriúint do na daltaí. Ina theannta sin, beidh seans ag na mic léinn tarraingt ar a gcuid eolais ginearálta ag tráth na gceist boird agus ar ndóigh bainfear taitneamh as na céilithe.
Is í seo an seachtú bhliain den choláiste samhraidh i mbaile Cheatharlach. Éiríonn go hiontach leis an gcúrsa agus suas le hochtó dalta páirteach. Baineann siad taitneamh agus tairbhe, sult agus spraoi as an gcúrsa coicíse. Beifear ag súil le héileamh mór arís i mbliana ach chun áit a chinntiú ní foláir foirm iarratais comhlánaithe maille le héarlais €50 a bheith istigh go luath. Is féidir foirm a fháil anois ó Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach nó glaoch a chur ar (059) 9158105 nó (087) 2857048 nó ríomhphost a sheoladh chuig eolas@glorcheatharlach.ie.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| coláiste samhraidh | summer college |
| lonnaithe | based |
| táille | fee |
| clárú | registration |
| imeachtaí | activities |
| sóisear | junior |
| sinsear | senior |
| rath | success |
| éileamh | demand |
| iarratas | application |
| éarlais | deposit |

## Dé Máirt na bPancóg

Tugtar Máirt na bPancóg ar Dé Máirt na seachtaine seo agus is nós é i measc teaghlaigh soláthar de phancóga blasta a chócaráil agus iad á ithe ag gach clann an oíche áirithe seo. Is nós é a théann siar thar na mblianta agus atá tagtha anuas chugainn ó ghlúin go glúin. Bhí cúis phraicticiúil leis na pancóga a dhéanamh ar Mháirt na hInide, an lá díreach roimh Chéadaoin an Luaithrigh nuair a chuirtí tús le séasúr an Charghais. B'éigin gach rud blasta mar uibheacha agus im a bhí sa chóra a úsáid roimh thús an troscaidh fhada go Cáisc. Féile bhlasta na bpancóg mar sin roimh dhaichead lá ar throscadh agus ag staonadh go dtí Domhnach Cásca.
Tá ré nua ag an bpancóg umhal le blianta beag anuas agus í faoi chaibidil níos mó anois ná riamh i mbialanna agus ar chláir theilifíse. Is féidir le chuile dhuine pancóga foirfe a dhéanamh sa bhaile agus ar chostas an-íseal.
'Siad na comhábhair a bheidh ag teastáil ná 250 gram de phlúr bán, 3 ubh agus 500 ml bainne maille le salann agus im. Chun an fuidreamh a dhéanamh cuir an plúr isteach i mbabhla agus dean tobar i lár an phlúir. Cuir na huibheacha isteach sa tobar agus cuid den bhainne. Measc go maith iad. Cuir an chuid eile den bhainne isteach de réir a chéile agus coimead á meascadh i rith an ama.
Cuir gráinne salainn leis an meascán. Ansin fág sa chuisneoir é ar feadh uair a'chloig.
Chun an phancóg a chócaráil cinntigh go bhfuil an friochtán te. Cuir blúire beag ime ar an bhfriochtán. Clúdaigh bun an fhriochtáin go hiomlán le fuidreamh agus déan é a chócaráil thar an teas ar feadh aon nóiméad amháin. Iompaigh bunoscionn le spadal é agus cocaráil an taobh eile. Má tá tú ag braith muiníneach go leor d'fhéadfá triail a bhaint as do phancóg a chaitheamh suas san aer le titim anuas ar an bhfriochtán ach faraoir bí cúramach nach gcríochnóidh sí ar an urlár!
Riar do phancóga blasta le mil nó subh nó uachtar. Yum Yum…. beidh gá le cinn bhreise!

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| Máirt na bPancóg | Pancake Tuesday |
| Céadaoin an Luaithrigh | Ash Wednesday |
| Carghas | Lent |
| comhábhair | ingredients |
| plúr | flour |
| fuidreamh | batter |
| measc | mix |
| friochtán | frying pan |
| cuisneoir | fridge |
| bunoscionn | upside down |
| mil | honey |
| uachtar | cream |
| soláthar | supply |

## 70% ag tacú le seirbhísí trí Ghaeilge

Léiríonn suirbhé a rinne an comhlacht Millward-Brown ar bhreis is 1,000 duine os cionn 15 bliain d'aois i bpoblacht na hÉireann le déanaí go dtacaíonn tromlach den phobal leis an dtuairim gur cheart seirbhísí stáit a chur ar fáil trí Ghaeilge dóibh siúd atá á lorg.
D'iarr Millward Brown freisin ar dhaoine tuairim a thabhairt faoin a gcumas tuisceana agus cumas labhartha Gaeilge. San iomlán, thug 35% le fios go raibh tuiscint mhaith acu ar an nGaeilge. Anuas air sin, bhí 26% muiníneach as a gcuid Gaeilge labhartha.
Ba mhaith le 44% deis a bheith acu cur lena gcuid Gaeilge nó í a fhoghlaim. I measc an aosa óig a bhí an spéis ba mhó i bhfoghlaim na Gaeilge, de réir an tsuirbhé le 64% de dhaoine idir 15 agus 17 bliain d'aois ag tabhairt le fios gur mhaith leo cur lena gcuid Gaeilge. Rinne Millward-Brown an suirbhé idir 7 agus 23 Eanáir 2015 ar son Chonradh na Gaeilge.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| suirbhé | survey |
| comhlacht | company |
| os cionn | over |
| poblacht | republic |
| tromlach | majority |
| seirbhísí | services |
| tuiscint | comprehension |
| cumas | ability |
| labhartha | spoken |

**CLASSIFIED ADVERTISING**
To avoid disappointment – Reserve your space by Friday

## Oíche Mhór Cheoil

Reachtáilfear oíche mhór cheoil i gCill Chainnigh ar an Aoine, 20ú Feabhra mar chuid de cheiliúradh tríocha bliain Ghaelscoil Osraí. Tiocfaidh scoth na gceoltóirí traidisiúnta agus plúr na n-amhránaithe le chéile ins an Óstán Lyrath agus is liosta le háireamh iad uile. Ina measc beidh Liam Ó Maonlaí agus Fiachna Ó Braonáin as na Hothouse Flowers chomh maith leis Na Casadaigh, Steve Cooney agus Iarla Ó Lionáird.
Beidh amhrán nó dhó ag Nell Ní Chróinín a bhuaigh Corn Uí Riada sa sean-nós ag Oireachtas na Samhna anuraidh agus cuirfear míle fáilte roimh an bhanna ceoil "Seo Linn" a bunaiodh i gColáiste Lurgan agus atá ag baint clú agus cáil amach dóibh féin lena gcóiriú as Gaeilge ar phopamhráin mar "Wake Me Up" for Avici. Tá sceitimíní áthais ar pháistí agus iardhaltaí na Gaelscoile agus iad ag súil leis an stáitse a roinnt leis na réalta móra. Beidh cór agus ceoltóirí na scoile ar chlár na hoíche chomh maith.
Aoí speisialta na hoíche ná an píobaire Maitiú Ó Casadaigh atá ainmnithe mar Cheoltóir Óg Traidisiúnta na Bliana agus a bhaileoidh a ghradam ag an searnmanas "Gradaim TG4" ins an Opera House, Corcaigh a chraolfar beo ar TG4 ar an Domhnach, 22ú Feabhra ag 9.30i.n..
Tá an oíche mhór cheoil seo á eagrú mar ocáid tiomsaitheoir airgid ar mhaithe le Gaelscoil Osraí agus is cinnte go mbeidh an-tóir ar na ticéidí. Táid ar díol ar €20 agus is féidir iad a cheannach ó Rollercoaster Records agus ó Ghaelscoil Osraí agus ar líne ar www.osrai.com

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| ceiliúradh | celebration |
| tríocha | thirty |
| bunaiodh | founded |
| sceitimíní | excitement |
| réalta | stars |
| aoí | guest |
| píobaire | piper |
| gradam | award |
| tiomsaitheoir airgid | fundraiser |